# SOCHAÍ SAN EORAIP LE LINN AN DARA COGADH DOMHANDA



# AN SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE

- Bhí Hitler agus na Naitsithe ag súil go mbeadh an cogadh an gairid, mar sin, nuair a thosaigh an cogadh i Mean Fomhair 1939 ní raibh tionscal na Gearmáine réidh i gcomhair cogaidh.
- Chun go mbeadh an t-éileamh cogaidh líonta, bhí ar na milliúin duine obair gan rogha i dtionscal na Gearmáine.
- Faoi 1944, bhí 8 milliún oibrí eachtrach ag obair i dtionscal na Gearmáine - seo timpeall 25% den fhórsa oibre ar fad.
- Bhí príosúnaigh chogaidh Rúiseacha agus Polannacha san áireamh san 8 milliún sin – bhí na caighdeáin mhaireachtála uafásach.




# AN SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE

- Rinne na Naitsithe dúshaothrú ar acmhainní na n-áiteanna ar ghabh siad chun an meaisín cogaidh a choimeád ag rith agus chun cinntiú go mbeadh go leor bia ag muintir na Gearmáine.
- Ceann amháin de na cúiseanna ar ionsaigh an Ghearmáin an APSS ná go raibh siad ag iarraidh smacht a fháil ar na páirceanna ola i réigiún Chugais.
- Ós rud é go raibh an Ghearmáin in ann úsáid as bhaint as muintir na tíre a ghabh siad níor slógadh daonra na Gearmáine ina iomlán go dtí deireadh an chogaidh.

# AN SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE - CIONDÁIL

- Tugadh ciondáil bia isteach i Lúnasa 1939 sa Ghearmáin, ach d'fhan an soláthar bia ard go leor de bharr gur thóg na Gearmánaigh bia ó na tíortha ar chuir siad smacht orthu.
- Ó 1942, tháinig méadú ar an méid ciondála a bhí ag tarlú de bharr gur chaill an Ghearmáin sraith de chathanna tábhachtacha agus bhí an RAF agus an USAAF tar éis tús a chur le feachtas buamála ar chathracha Gearmánacha.
- Idir 1939 agus 1942 thit an chiondáil d'arán ó 10,600 gram an lá go 8,000g & thit siúcra ó 900g go 130g.
- Mar a tharla sa Bhreatain bhí ar dhaoine leabhar ciondála a úsáid agus bhí orthu a nglasraí féin a fhás. Chomh maith leis sin, bhí margadh dubh bia ann.



# AN SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE - RÓL NA MBAN




- De bharr gur bhain na Naitsithe úsáid as obair éigeantais, níor tugadh isteach coinscríobh do mhná ag tús an chogaidh agus ní raibh orthu dul ag obair i dtionscal armlóin nó obair mar shaighdiúirí.
- Ní raibh cead ag mná poist ttábhachtacha a bheith acu sa Pháirtí Naitsíoch, mar chreid na Naitsithe nár cheart go mbeadh ról ag mná san earnáil seo.
- Dar leo gurbh é an teach an áit ceart do mhná a bheith agus iad ag tabhairt aire do pháistí.
- Roimh an gcogadh bhí líon na mban a bhí ag obair i dtionscal na Gearmáine ag titim de bharr gur spreag na Naitsithe mná fanacht sa bhaile agus gur chuir siad deireadh le post mná nuair a pósadh í.
- Sample eile, tugadh bonn do bhean nuair a bhí níos mó ná 7 bpáiste aici.

# SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE - RÓL NA MBAN

- Le linn an chogaidh, cuireadh deireadh leis an gcosc ar fhostaíocht na mná go mall ó 1942 ar aghaidh agus tugadh isteach obair éigeantach.
- Bhí cead ag mná na Gearmáine dul isteach san airm, & mar a tharla sa Bhreatain, poist riaracháin a fháil & faoi 1945, bhí 500,000 bean fostaithe in airm na Gearmáine.
- Agus, fuair mná poist ag obair san SS mar altraí agus rinne siad obair riaracháin freisin; bhí níos mó ná 3,600 bean ag obair mar ghardaí príosúin i gcampaí géibhinn.
- Cuireadh níos mó ná 20 bean chun báis i dTrialacha Nürnberg de bharr an róil a bhí acu sna campaí seo.







# MNÁ SAN SS

# AN SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE - BUAMÁIL NA GCOMHGHUAILLITHE



- Suas go dtí 1942, ní raibh mórán damáiste déanta do chathracha na Gearmáine de bharr bhuamáil na gcomhghuaillithe, ach chomh luath is a tháinig Meiriceá isteach sa chogadh cuireadh tús le buamáil straitéiseach de bhonneagar agus tionscal na Gearmáine.
- Scriosadh droichid, iarnróid agus canálacha agus bhí cathracha na Gearmáine mar spriocanna don RAF agus USAAF.

# AN SAOL IN EORAIP NA NAITSITHE - BUAMÁIL NA GCOMHGHUAILLITHE

- Faoi 1943, bhí an feachtas buamála ag cur isteach ar dhéantús na Gearmáine, agus faoi dheireadh an chogaidh, bhí príomhchathracha na Gearmáine scriosta suas go dtí 50% agus níos mó ná 350,000 saoránach marbh.
- Meastar gurbh í buamáil Dresden an bhuamáil ba mheasa.
- Tharla sé i bhFeabhra 1945, bhí an chathair lán de bharr go raibh daoine ag éalú ón Arm Dearg. Scaoileadh 4,000 tonna de phléascán ar an gcathair agus thosaigh sin stoirm tine ina bhfuair 25,000 duine bás.






# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- Faoi 1942, bhí an chuid is mó den Eoraip faoi smacht an Tríú Reich agus a comhghuaillithe.
- Sna tíortha sin, bhí daoine ann a bhí lánsásta comhoibriú leis na Naitsithe. Chabhraigh na comhoibrithe seo leis na Naitsithe a gcuid polasaithe cine a chur i bhfeidhm (aslonnú agus marú na Giúdach agus grúpaí eile).
- San Iorua, ceapadh **Vidkun Quisling**, polaiteoir den eite dheis, ina cheann ar an rialtas puipéid.
- Chabhraigh a rialtas chun Giúdaigh na tíre a sheoladh chuig campaí géibhinn agus campaí bháis.

# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- Ag deireadh an chogaidh, cuireadh Quisling chun bháis agus is minic a bhíonn nasc idir an t-ainm Quisling agus comhoibriú san Iorua.
- Cuireadh baill de rialtas Vichy sa Fhrainc chun bháis. Ar dtús sin an rud a bhí le tarlú do Philip Pétain, ach sa deireadh socraíodh go gcaithfeadh sé an chuid eile dá shaol i bpríosúin de bharr go raibh sé chomh seans sin.
- Ba Fhrancaigh iad roinnt de na cosantóirí dheireanacha san SS i mBeirlín.
- Agus, ag deireadh an chogaidh tugadh pionóis phoiblí do go leor ban a thosaigh caidreamh le saighdiúirí Naitsíocha agus cuireadh go leor fear a bhí ag comhoibriú leis na Naitsithe chun bháis freisin.





# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- Ach chomh maith le comhoibriú, bhí a lán frithbheartaíochta i gcoinne na Naitsithe freisin.
- Bhí réimse leathan ann, gníomhartha aonaracha de shabaitéireacht, frithbheartaíocht shíochánta go grúpaí móra eagraithe.
- Rinne na grúpaí seo sabaitéireacht, bhailigh siad eolas tábhachtach nó dúnmharaigh siad daoine tábhachtacha.
- Sampla amháin den saghas grúpa seo nó na Cumannaigh san Iúgslaiv faoi stiúir an Ginearáil **Josip Broz Tito**.
- Bhí Tito i gceannas ar thimpeall 250,000 saighdiúir sna Balcáin.
- Bhí siad chomh rathúil sin ag troid i gcoinne na hIodáile agus na Gearmáine go raibh ar Hitler breis trúpaí a sheoladh ann i rith an tSamhraidh in 1941, rud a chuir moill ar Oibríocht Barbarossa.

# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- Bhí cumannaigh agus grúpaí eile sa fhrithbheartaíocht Fhrancach agus tháinig siad le chéile chun troid i gcoinne na Naitsithe agus bhí ról fíorthábhachtach acu –
- Bhailigh siad eolas, choimeád siad POWanna sábháilte nuair a d'éalaigh siad ó phríosúin Ghearmánacha, agus rinne siad sabaitéireacht ar iarracht chogaidh na Gearmáine.
- Cosúil le grúpaí frithbheartaíochta eile, fuair an frithbheartaíocht Fhrancach cabhair ó Fheidhmeannas Oibríochtaí Speisialta na Breataine



# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- Roimh D-Day, chabhraigh na Francaigh chun bóithre agus droichid a scriosadh, agus chun línte cumarsáide a ghearradh chun moill a chur ar an bhfreagairt Ghearmánach.
- Idir Aibreán agus Bealtaine 1943, d'eagraigh trodaí Giúdacha éirí amach i ngeiteo Vársá chun deireadh a chur le haslonnú na nGiúdach chuig sluachampaí ghéibhinn agus campaí bháis.
- Chuir na Naitsithe Éirí Amach Geiteo Vársá faoi chois go brúidiúil – maraíodh 13,000 Giúdach láithreach agus an 50,000 a bhí ann fós seoladh iad go campaí go luath.







# ÉIRÍ AMACH GEITEO VÁRSÁ



# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- De réir mar a chúlaigh na Naitsithe siar tríd an bPolainn i rith an tSamhraidh in 1944, d'eagraigh frithbheartaíocht na Polainne éirí amach i Vársá.
- Bhí siad ag iarraidh deireadh a chur le riail na Naitsithe agus neamhspleáchas na Polainne a athbhunú.
- Ar feadh 63 lá, throid na Polannaigh i gcoinne arm na Gearmáine i Vársá agus scriosadh an chuid is mó den chathair.









# COMHOIBRIÚ & FRITHBHEARTAÍOCHT

- Ba í an eachtra is fearr ó thaobh eagrúcháin d'aon ghrúpa frithbheartaíochta i gcoinne na Naitsithe le linn an chogaidh.
- D'ordaigh Stalin don Arm Dearg chun stop ag an taobh Rúiseach den abhainn Vistula agus gan aon tacaíocht a thabhairt do na Polannaigh.
- Ní raibh Stalin ag iarraidh go mbeadh aon ghrúpa in ann seasamh i gcoinne Pháirtí Cumannach na Polainne tar éis an chogaidh – Chuir na Naitsithe deireadh leis an éirí amach, fuair timpeall 200,000 bás.

# FRITHBHEARTAÍOCHT SA GHEARMÁIN




- Níor thacaigh daonra na Gearmáine ar fad le Hitler, ach fós cheap móramh ollmhór den daonra go raibh sé níos fearr agus níos sábháilte gan aon rud a rá de bharr go gcuirfeadh an Gestapo faoi choimeád iad.
- Ach fós, bhí cúpla grúpa ann a rinne iarracht bolscaireacht na Naitsithe a cheartú agus Hitler a mharú, freisin.
- Weiße Rose (Rós Bán) an t-ainm a bhí ar ghrúpa beag frithbheartaíochta i München – cairde ollscoile ba ea iad agus níor bhain siad úsáid as foréigean.
- Bhí Hans agus Sophie Scholl páirteach agus d'fhoilsigh siad a lán paimfléad idir 1942 agus 1943 inar cháin siad an cogadh agus an tslí ina raibh an rialtas ag caitheamh le Giúdaigh.
- Fuair an Gestapo iad sa dheireadh, cuireadh ar triail agus chun báis iad.



# HANS AGUS SOPHIE SCHOLL

# FRITHBHEARTAÍOCHT SA GHEARMÁIN

- In 1944, bhí baill d'arm na Gearmáine an-bhuartha nach raibh ach ollscriosadh agus caillteanas i ndán don Ghearmáin mar gheall ar Hitler.
- Rinne daoine tábhachtacha in arm na Gearmáine plean chun Hitler a mharú, chun an tír a chur faoina smacht agus chun deireadh a chur leis an gcogadh.



# FRITHBHEARTAÍOCHT SA GHEARMÁIN

- Ar an 20ú Iúil 1944, chuir Claus Von Stauffenberg buama i mála cáipéisí agus d'fhág sé faoi bhord é cóngarach do Hitler ag cruinniú.
- Theip ar an mbuama Hitler a mharú agus i ndiaidh na heachtra, cuireadh Von Stauffenberg chun báis in éineacht le timpeall 5,000 duine eile i bpurgú arm na Gearmáine.

